Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13994/22**

**CLIMA 540**
**ENV 1062**
**ONU 126**
**DEVGEN 195**
**ECOFIN 1088**
**ENER 535**
**FORETS 105**
**MAR 196**
**AVIATION 262**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13735/1/22 REV 1 |
| Ábhar: | Ullmhúcháin don 27ú Comhdháil na bPáirtithe (COP 27) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Sharm El-Sheikh, an Éigipt, an 6 go dtí an 18 Samhain 2022)<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3903ú cruinniú dá cuid, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Ullmhúcháin don 27ú Comhdháil na bPáirtithe (COP27)**
**de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)**
**(Sharm el-Sheikh, an 6 go dtí an 18 Samhain 2022)**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

**A PHRÁINNÍ ATÁ SÉ GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE**

1. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR MÓR AN CHÚIS IMNÍ DI an méadú atá ag teacht ar dhéine agus ar mhinicíocht na dteagmhas adhaimsire, lena n-áirítear tonnta teasa, falscaithe agus tuilte, ar fud an domhain, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a phráinní atá sé an fhreagairt dhomhanda a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide mar gheall ar an mbagairt dhíreach agus eiseach a chuireann sí ar an gcine daonna, ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, ar bagairt í nach ndéanann aon tír ná réigiún a spáráil. CUIREANN SÍ I dTREIS na deiseanna a bhaineann, ní hamháin don phláinéad agus don gheilleagar domhanda, le gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide, ach do na daoine freisin, ó thaobh caighdeáin mhaireachtála agus sláinte níos fearr, poist chuibhiúla, córais bhia inbhuanaithe, agus praghsanna inacmhainne fuinnimh. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé aistriú cóir chuig geilleagair agus sochaithe inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de a áirithiú, aistriú nach bhfágfaidh aon duine ar lár.

2. CÁINEANN SÍ go fíorghéar cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta go mór agus ar cúis é, ní hamháin le bás líon ollmhór daoine agus éifeachtaí díobhálacha sláinte, lena n-áirítear do shibhialtaigh, ach déanann sé damáiste láithreach don dúlra agus díghrádú fadtéarmach comhshaoil, is baol don tsábháilteacht núicléach é, agus cuireann sé moill ar an ngníomhaíocht a bhfuil géarghá léi maidir leis an athrú aeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil éifeachtaí tánaisteacha tromchúiseacha ag an gcogadh sin ar fhuinneamh agus ar shlándáil bia seachas an bonn a bhaint den tslándáil agus den chobhsaíocht dhomhanda, rud nach mór don chomhphobal idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt air go práinneach agus go cinntitheach.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur mór aici an obair a rinne an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus an méid a chuir na trí Mheitheal uile leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta (AR6) ón IPCC.[1] ATHDHEARBHAÍONN SÍ príomhthorthaí thuarascáil mheasúnachta6 ó Mheitheal I: go mbeidh an t-athrú aeráide amach anseo ag brath ar na hastaíochtaí a dhéanfar amach anseo, agus nach féidir an téamh domhanda a theorannú go 1.5° C ach amháin má dhéantar laghduithe láidre leanúnacha láithreacha ar astaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa (GCT) sna blianta atá romhainn ionas go mbeidh astaíochtaí domhanda GCT glan-nialasach faoi 2050 nó thart air sin. MEABHRAÍTEAR DI a phráinní atá sé dlús a chur láithreach leis an uaillmhian dhomhanda mhaolúcháin, bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil, chun go bhféadfar astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda a laghdú faoina leath faoi 2030 i gcomparáid le 2019. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis imní di torthaí na tuarascála is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta maidir leis an Aeráid Dhomhanda 2021, ina dtugtar le fios go leanann príomhtháscairí aeráide amhail an teocht dhomhanda, oiread na ngás ceaptha teasa agus an cion teasa aigéin de bheith ag ardú gan an chuma air go dtiocfaidh aon mhaolú air sin.

4. MEABHRAÍTEAR DI príomhthorthaí thuarascáil mheasúnachta 6 ó Mheitheal II, lena n-áirítear (i) go bhfuil tionchar forleathan ag an athrú aeráide cheana féin ar an domhan seo a chuireann beatha agus slite beatha i mbaol – go háirithe do na daoine is leochailí (tá tionchar ag an athrú aeráide cheana féin ar níos mó ná leath de dhaonra an domhain agus ar éiceachórais atá leochaileach den chuid is mó), (ii) go bhfuil iarrachtaí oiriúnaithe tar éis roinnt leochaileachtaí aeráide a laghdú, ach go bhfuil roinnt teorainneacha oiriúnaithe bainte amach cheana féin, agus go mbainfear cinn eile amach gan dabht go luath amach anseo, agus (iii) nach mór dul chun cinn a dhéanamh ó na coigeartuithe incriminteacha atá ann faoi láthair chuig bealaí cur chuige pleanáilte agus sistéamacha, lena dtugtar aghaidh ar rioscaí iomadúla an athraithe aeráide in éineacht le cúiseanna nach mbaineann leis an aeráid.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS torthaí thuarascáil mheasúnachta 6 ó Mheitheal III lena léirítear go bhfuil roghanna againn i ngach earnáil chun astaíochtaí domhanda dé-ocsaíde carbóin a laghdú faoina leath ar a laghad faoi 2030. CUIREANN SÍ I dTREIS na deiseanna agus na buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha a bhaineann le bearta maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide do gach tír. Is réamhchoinníoll iad infheistíochtaí sa nuálaíocht agus i bpoist ghlasa le haghaidh aistriú cóir cothrom chuig samhail eacnamaíoch ghlas nua.

[1] https://www.ipcc.ch/assessment-report/ar6/

6. ADMHAÍONN SÍ gur láidir an t-éileamh ón tsochaí shibhialta, ó dhaoine óga go háirithe, go mbeifí níos uaillmhianaí ag gníomhú ar son na haeráide, agus an cothromas idirghlúine á chur san áireamh, agus gur gá aistriú éiceolaíoch a chur ar bun a rachadh chun tairbhe na sochaí agus lena gcuirfí riachtanas na saoránach san áireamh; sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gníomhach an phobail chomh maith le rochtain ar fhaisnéis i dtaobh gníomhú ar son na haeráide a phleanáil agus a chur chun feidhme.

**GNÍOMHAÍOCHT, UAILLMHIAN AGUS TACAÍOCHT A FHEABHSÚ**

7. Agus COP27 ar na bacáin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an rannpháirteachas idirnáisiúnta trí iltaobhachas riailbhunaithe ríthábhachtach chun torthaí rathúla a bhaint amach agus aghaidh á tabhairt ar an athrú aeráide.

8. ADMHAÍONN SÍ gur cheart do na Páirtithe, agus gníomhaíocht á déanamh acu chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, a n-oibleagáidí faoi seach maidir le cearta an duine, an ceart chun sláinte, an ceart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe, cearta na bpobal dúchasach, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, na bpobal áitiúil, na n-imirceach, na leanaí, na ndaoine faoi mhíchumas agus daoine atá i staideanna leochaileacha a urramú, a chur chun cinn agus a mheas, chomh maith le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cothromas idirghlúine. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí do na luachanna sin.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, i dteannta a chéile, nach leor na NDCanna agus na nuashonruithe a ghabhann leo, lena n-áirítear iad siúd a fógraíodh in COP26, roimh COP26 agus ina dhiaidh. MEABHRAÍTEAR DI gur iarradh ar na Páirtithe uile féachaint arís ar spriocanna 2030 ina NDCanna agus iad a neartú de réir mar is gá chun ailíniú le sprioc teochta Chomhaontú Pháras faoi dheireadh 2022. IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar na páirtithe uile teacht chun tosaigh le spriocanna agus beartais uaillmhianacha agus TATHANTAÍONN SÍ ar na geilleagair mhóra féachaint arís ar a rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) agus iad a neartú in am do COP27, agus straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle GCT a thíolacadh nó a nuashonrú i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, agus é ina chúis mhór imní di, nach mór méadú suntasach a dhéanamh ar an uaillmhian dhomhanda chun bheith in ann an cuspóir 1.5 °C a bhaint amach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

10. CUIREANN SÍ I DTREIS go bhfuil uaillmhian agus gníomhaíocht araon bunriachtanach, sna 10 mbliana criticiúla seo, chun inchreidteacht chur chun feidhme Chomhaontú Pháras a áirithiú agus chun aeráidneodracht a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe, agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile bonn taca a chur faoina NDCanna le creataí agus gníomhaíochtaí beartais intíre atá láidir, lena n-áirítear córais iomchuí chun faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do na páirtithe uile, go háirithe na príomhastaírí, a n-uaillmhian, idir ghearrthéarma agus fhadthéarma, a mhéadú agus feabhas a chur ar an ngníomhaíocht ar son na haeráide, lena n-áirítear trí phraghsáil charbóin intíre a úsáid.

11. MEABHRAÍTEAR DI gur tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir lena seasamh i mí an Mheithimh 2022 i ndáil le gnéithe bunriachtanacha sin an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’[2] lena gcuirfear ar chumas an Aontais Eorpaigh a NDC a chur chun feidhme agus a ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus é mar aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis an bpróiseas reachtach chun an pacáiste aeráide a ghlacadh agus an aidhm atá ann an chaibidlíocht maidir leis na gnéithe bunriachtanacha sin a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2022, ar bhealach cothrom. TÁ SÍ FAOI RÉIR, a luaithe is féidir tar éis chonclúidí na caibidlíochta sin chun nuashonrú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar NDC an Aontais agus a Bhallstát, i gcomhréir le § 29 de Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú chun a léiriú an chaoi a ndéanann toradh deiridh na ngnéithe bunriachtanacha den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ príomhsprioc an Aontais a chur chun feidhme, mar a chomhaontaigh EUCO i mí na Nollag 2020.

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS tiomantas agus iarrachtaí an Aontais éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn chun a thomhaltas breoslaí iontaise agus a spleáchas ar allmhairiú na mbreoslaí sin ó Chónaidhm na Rúise a laghdú, lena n-áirítear trí na cineálacha beart a pléadh i gcomhthéacs REPowerEU chun deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar ghás na Rúise agus toirmeasc a chur ar allmhairí ola na Rúise faoi dheireadh 2022 gan éifeachtaí gaibhnithe nua a chruthú ar bhreoslaí iontaise, lenar cheart dlús breise a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas san Aontas agus tacú le hiarrachtaí an Aontais a uaillmhian aeráide a bhaint amach.

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0550

13. MEABHRAÍTEAR DI gealltanais leanúnacha Bhallstáit an Aontais mar a comhaontaíodh leis na comhpháirtithe sóisialta iad, agus IARRANN SÍ freisin ar na Páirtithe uile an leabhar maidir le gual gan staonadh a dhúnadh trí laghdú de réir a chéile agus trí dheireadh a chur le fóirdheontais neamhéifeachtúla do bhreoslaí iontaise chun dlús a chur lena n-aistriú fuinnimh[3], agus beart a dhéanamh de réir Chomhaontú Aeráide Ghlaschú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe d'oibrithe agus do phobail, agus do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear sprioc 7 chun rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha do chách a áirithiú faoi 2030. ADMHAÍONN SÍ gur ionstraimí tábhachtacha iad na Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir (JETP) chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme trí chabhrú leis na príomhthíortha comhpháirtíochta a n-uaillmhian aeráide a mhéadú agus dul ar aghaidh ar chonair atá comhoiriúnach le 1.5 °C trí chur chuige comhordaithe deontóirí. IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas Cheannairí G7 deireadh a chur le tacaíocht dhíreach phoiblí nua d'earnáil fuinnimh idirnáisiúnta na mbreoslaí iontaise gan srian faoi dheireadh 2022, ach amháin in imthosca teoranta arna sainiú go soiléir ag gach tír i gcomhréir le teorainn téimh 1.5 °C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus iarrann sí ar gach tír gealltanais chomhchosúla a ghlacadh.

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ó 'Dlí an Aontais maidir leis an Athchóiriú Dúlra' lenar cheart rannchuidiú le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus 2050 trí na héiceachórais a athbhunú agus a fheabhsú chun dea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach, agus le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin araon, go háirithe trí éiceachórais an Aontais a athghiniúint.

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI FREISIN an t-athchóiriú ar Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) an Aontais Eorpaigh, lena réitítear an bealach do chur chuige inbhuanaithe fadtéarmach i leith na talmhaíochta agus na foraoiseachta araon, arb é is aidhm dó slándáil bia dhomhanda agus slándáil bia an Aontais a chosaint agus rannchuidiú CBT leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin a mhéadú. Ba cheart sin a bhaint amach trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ceapadh carbóin a fheabhsú, fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn, bainistiú éifeachtúil acmhainní nádúrtha amhail uisce, ithir agus aer a chothú, bithéagsúlacht a chosaint agus seirbhísí éiceachórais a athbhunú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ithreacha sláintiúla, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, ríthábhachtach chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda ár linne, go háirithe bia cothaitheach agus sábháilte leordhóthanach a tháirgeadh, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú air, agus stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus í a aisiompú.

[3] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6120-2022-INIT/en/pdf

16. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 maidir le Taidhleoireacht Aeráide an Aontais[4] agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur bagairt eiseach ar an gcine daonna é an t-athrú aeráide, lena n-áirítear ar chearta an duine a bhaint amach, ar an gcobhsaíocht agus an tslándáil idirnáisiúnta, a mbeidh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha ag baint leis don chomhphobal idirnáisiúnta ar fad. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhordaithe láidir ón Aontas agus a Bhallstát trí thaidhleoireacht ghníomhach Eorpach maidir leis an aeráid agus fuinneamh agus trí thionscnaimh agus glaonna éagsúla earnála agus réigiúnacha a chur chun feidhme, arna n-eascairt freisin as Glaschú, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as uirlisí seachtracha tacaíochta réigiúnaí an Aontais.

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór do gach tír feabhas a chur ar na hiarrachtaí oiriúnaithe agus astaíochtaí á laghdú go práinneach, arb é an t-aon bhealach é chun an gá le hoiriúnú a choinneáil laistigh de theorainneacha inláimhsithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá méadaitheach atá le dul in oiriúint d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, agus is díol sásaimh di an deis taithí a roinnt agus foghlaim ó chomhpháirtithe maidir le cineálacha cur chuige chun athléimneacht i leith tionchair aeráide a neartú. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé do na Páirtithe uile feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí oiriúnaitheacha, a n-athléimneacht a fhorbairt agus a leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. ADMHAÍONN SÍ riachtanais shonracha agus cúinsí speisialta na dTíortha Is Lú Forbairt agus na Stát Oileánach Beag i mBéal Forbartha atá níos leochailí i dtaobh iarmhairtí an athraithe aeráide, a mhéid a bhfuil cuid acu i mbaol imeacht ón saol. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí oiriúnaithe ó Achomharc Phrág[5], a comhaontaíodh ag an gComhdháil maidir le Tírdhreacha Buanseasmhacha a Dhearadh i mí Mheán Fómhair 2022.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról lárnach atá ag straitéisí agus pleananna náisiúnta maidir leis an oiriúnú atá iomlánaíoch, cuimsitheach agus arna gcur chun feidhme go héifeachtach agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá dlús a chur leis an tacaíocht a thugtar do thíortha i mbéal forbartha agus na straitéisí, na pleananna agus na teachtaireachtaí sin faoi seach á bhforbairt agus á gcur chun feidhme, chomh maith le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí oiriúnaithe.

---

4 https://www.consilium.europa.eu/media/54433/st06120-en22.pdf

5 https://www.mzp.cz/C125750E003B698B/cz/news_20220926_prague_appeal_climate_change_and_biodiversity_loss_must_be_tackled_together/$FILE/The%20Prague%20Appeal%20-%20final.pdf

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gné idirnáisiúnta an oiriúnaithe i Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú, lena gcuirtear i bhfios go láidir tacaíocht an Aontais d'athléimneacht agus ullmhacht idirnáisiúnta i leith na haeráide, lena n-áirítear trí acmhainní airgeadais idirnáisiúnta a mhéadú, beartais agus dreasachtaí a cheapadh chun infheistíochtaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe, tacaíocht spriocdhírithe do thíortha comhpháirtíochta agus trí Mhisean nuabhunaithe an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, lena bhféadfaí gníomhaíocht chomhchosúil a spreagadh i dtíortha eile.

20. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go dtacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le tíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí oiriúnaitheacha chun rioscaí aeráide a mheas, a bhainistiú agus a laghdú, e.g. trí chórais faireacháin, tuairiscithe agus mheastóireachta a fheabhsú, lena n-áirítear an obair ar shonraí comhshaoil inrochtana, idir-inoibritheacha agus iontaofa, agus réitigh dhigiteacha shonraíbhunaithe, lena n-áirítear córais luathrabhaidh, a neartú, mar aon le sásraí coimircí sóisialta, árachais agus sásraí airgeadais eile le haghaidh bainistiú rioscaí aeráide, lena n-áirítear bainistiú riosca tubaistí, a thabhairt chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí sin díreofar ar acmhainneachtaí tíortha agus pobal leochaileach a mhéadú chun a n-athléimneacht a neartú tríd an riosca go dtarlóidh caillteanas[...] nó damáiste a bhainistiú agus a laghdú[...].

21. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcruthaíonn an t-athrú aeráide, trí ghuaiseacha, nochtadh agus leochaileacht, tionchair agus rioscaí a d'fhéadfadh caillteanas agus damáiste eacnamaíoch agus neamheacnamaíoch a bheith mar thoradh air i ngach tír. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil bainistiú cuimsitheach rioscaí aeráide ríthábhachtach chun athléimneacht fhadtéarmach tíortha, daonra agus pobal leochaileach i gcoinne caillteanais agus damáiste a chothú. AITHNÍONN SÍ gur gá gníomhaíocht agus tacaíocht do thíortha, daonraí agus grúpaí leochaileacha a mhéadú a thuilleadh. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag foinsí príobháideacha agus poiblí maidir le tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le drochthionchair an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu.

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé bunriachtanach go mbeadh sreabha airgeadais comhsheasmhach leis an gconaire i dtreo astaíochtaí ísle GCT agus le forbairt aeráid-díonach maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras ina iomláine agus maidir leis an aistriú chuig geilleagar domhanda agus sochaí dhomhanda a bheidh aeráidneodrach, oiriúnaitheach agus athléimneach. CUIREANN SÍ I dTREIS, trí spás tiomnaithe a chruthú chun Airteagal 2.1(c) de Chomhaontú Pháras a phlé laistigh de COP27, go gcuirfear ar chumas na bPáirtithe, na hearnála príobháidí agus geallsealbhóirí eile plé a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar an sprioc go mbeadh sreabha airgeadais comhsheasmhach leis an gconaire i dtreo íseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt aeráid-díonach agus ar an mbealach ina bhféadfar é sin a bhaint amach, rud a chuirfeadh ar chumas tíortha a spriocanna maolaithe agus oiriúnaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go n-aithníonn Comhaontú Pháras go bhfuil gá le hiarracht dhomhanda chun acmhainní airgeadais a shlógadh agus IARRANN SÍ ar na tíortha uile dlús a chur lena n-iarrachtaí maoiniú a shlógadh ó gach foinse chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus chun an aeráid a phríomhshruthú i ngach sreabhadh airgeadais. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá maoiniú agus infheistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn lena lorgaítear sineirgí idir cuspóirí aeráide, bithéagsúlachta agus cuspóirí comhshaoil eile, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá tuairisciú trédhearcach, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an méadú atá ag teacht ar líon na dtionscnamh beartais aeráide ó gach cearn den domhan chun caipiteal na hearnála airgeadais agus na hearnála príobháidí a shlógadh sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis chun gníomhaíocht atá ailínithe le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme.

23. MEABHRAÍTEAR DI gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit an ranníocóir is mó le maoiniú poiblí idirnáisiúnta don aeráid, agus go bhfuil a ranníocaíocht le maoiniú don aeráid chun tacú le tíortha i mbéal forbartha méadaithe faoi dhó acu ó 2013 i leith. ATHNUANN SÍ an gealltanas láidir a thug an tAontas agus a Bhallstáit leanúint den mhaoiniú idirnáisiúnta aeráide atá siad a thabhairt a mhéadú le haghaidh sprioc na dtíortha forbartha ar a laghad USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana a luaithe is féidir, agus ar aghaidh go dtí 2025 ó raon leathan foinsí, agus MEASANN SÍ go mbainfear an sprioc sin amach in 2023. IARRANN SÍ ar dheontóirí eile dlús a chur lena n-iarrachtaí i ndáil leis an méid sin i gcomhréir freisin le Plean Seachadta COP26 maidir le Maoiniú don Aeráid agus IS FADA LÉI an Tuarascáil ar dhul chun cinn sna 10 gcinn de réimsí gníomhaíochta comhchoitinne an Phlean Seachadta in oirchill COP27.

24. IS FADA LÉI comhoibriú le Páirtithe eile chun iarraidh Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú a chur chun feidhme go ndéanfaí soláthar an mhaoinithe don aeráid a dhúbailt ar a laghad faoi 2025 le haghaidh oiriúnú do thíortha i mbéal forbartha ó leibhéil 2019, i gcomhthéacs cothromaíocht a bhaint amach idir maolú agus oiriúnú agus acmhainní airgeadais méadaithe á gcur ar fáil.

25. IARRANN SÍ GO LÁIDIR ar Bhainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna), Institiúidí Maoinithe Forbraíochta (DFInna) agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile a n-iarrachtaí a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí spriocanna uaillmhianacha don oiriúnú airgeadais a leagan síos, leas a bhaint as ionstraimí airgeadais nuálacha, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, agus tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe na hearnála príobháidí. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI ceannaireacht roinnt MDBanna a léirítear sa Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an Dúlra a síníodh ag COP26 agus a straitéisí agus a bpleananna maidir leis an aeráid, lena n-áirítear, mar cheannródaí, an Banc Eorpach Infheistíochta, chomh maith leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil maoiniú príobháideach don aeráid bunriachtanach chun aistriú chuig geilleagar domhanda aeráidneodrach athléimneach, agus an earnáil phoiblí ag teastáil chun dreasachtaí iomchuí airgeadais, comharthaí beartais agus coinníollacha cumasúcháin a chur ar fáil. TAGRAÍONN SÍ DO na Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don aeráid in oirchill COP27.[6]

**SEACHADADH IN SHARM EL-SHEIKH**

26. DÉANANN SÍ COMHGHAIRDEAS agus GLACANN SÍ BUÍOCHAS le Rialtas na Ríochta Aontaithe as COP26 a reáchtáil agus as an dul chun cinn a rinneadh i nGlaschú, ADMHAÍONN SÍ Comhshocrú Aeráide Ghlaschú mar phacáiste cothrom as ar tháinig torthaí suntasacha i réimse an mhaolaithe ar an athrú aeráide, an oiriúnaithe don athrú aeráide agus na modhanna cur chun feidhme. Chomh maith leis sin, GLACANN SÍ BUÍOCHAS le hUachtaránacht inteachta na hÉigipte ar COP27, agus a comhpháirtí, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, a ghabháil as a gcuid oibre gan staonadh agus as a ndíograis sa tréimhse idir COP26 agus COP27.

---

6 https://www.consilium.europa.eu/de/press/press-releases/2022/10/04/climate-finance-council-adopted-conclusions-ahead-of-cop27/

27. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh ag Seisiúin na bhFochomhlachtaí i mí an Mheithimh 2022 agus IS FADA LÉI toradh cuimsitheach ó chreat-choinbhinsiún Sharm el-Sheikh a ghlacadh lena n-áiritheofar freagairt dhomhanda uaillmhianach ar an athrú aeráide, agus ar an gcaoi sin (i) an sprioc 1.5 °C a choimeád, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus i bhfianaise na heolaíochta is fearr atá ar fáil, go háirithe na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, agus (ii) fanacht ar an mbealach i dtreo na hathléimneachta fadtéarmaí. MOLANN SÍ d'Uachtaránacht inteachta COP 27 obair leantach a dhéanamh in Sharm-El Sheikh ar Thionscnaimh Ghlaschú.

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh an Clár Oibre um Maolú, an clár oibre chun uaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe a mhéadú go práinneach le linn na 10 mbliana criticiúla seo, agus GEALLANN SÍ go n-oibreoidh sí ar bhealach cuiditheach leis na Páirtithe chun teacht ar chinneadh maidir lena cheapadh lena mheas agus lena ghlacadh ag CMA4, agus é atá bunaithe san eolaíocht agus ag tógáil ar Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú, ar bhealach a chomhlánaíonn an tAthbhreithniú Domhanda, agus a thacaíonn leis an sprioc 1.5 °C a choinneáil faoi lámh. IARRANN SÍ go mbeadh clár oibre ann lena gcuirfear ar chumas na bPáirtithe agus na ngeallsealbhóirí neamh-Pháirtí malartú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh, lena sainaithneofar sineirgí, lena gcuirfear beartais láidre intíre chun cinn, lena bhféachfar ar an gcaoi a bhféadfadh beartais earnálacha a bheith mar bhonn taca don ghníomhú agus don uaillmhian ar son na haeráide, agus lena gcuirfear ar chumas tíortha dul chun cinn a dhéanamh maidir lena ngealltanais a chur chun feidhme agus a fheabhsú. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go mbeadh an Clár Oibre um Maolú mar bhonn eolais ag cruinniú comhchéime bliantúil ardleibhéil na n-airí maidir leis an uaillmhian roimh 2030, ag tosú ag CMA 4, agus gur cheart go gcuirfeadh an cruinniú leis an gClár Oibre um Maolú, go bhfeabhsódh sé an chuntasacht, go gcuirfeadh sé comhroinnt taithí chun cinn, go gcuirfeadh sé moltaí ar fáil agus go bhféachfadh sé le huaillmhian dhomhanda agus cur chun feidhme domhanda a bhaint amach i gcomhréir leis an sprioc 1.5° C a choinneáil faoi lámh.

29. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach dul chun cinn soiléir a dhéanamh i dtreo na Sprice Domhanda maidir le hOiriúnú agus, dá bhrí sin, LEANFAIDH SÍ de thacaíocht a thabhairt do chlár oibre 2 bhliain Ghlaschú-Sharm-el-Sheikh faoin Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú, agus de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa chlár oibre sin, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar féidir an acmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, an athléimneacht a neartú agus leochaileacht a laghdú chun daoine, slite beatha agus éiceachórais a chosaint, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i ndáil leis sin.

30. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas leanúnach an Aontais d'oibríochtú iomlán Líonra Santiago chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir agus i gcomhréir leis an bpróiseas a leagadh amach i nGlaschú, chun an comhordú domhanda a neartú a thuilleadh chun cúnamh teicniúil éileamhbhunaithe na n-eagraíochtaí, na gcomhlachtaí, na líonraí agus na saineolaithe ábhartha a spreagadh chun cineálacha cur chuige ábhartha a chur chun feidhme, go háirithe i dtíortha agus i bpobail leochaileacha i mbéal forbartha.

31. IS FADA LÉI go leanfar le hIdirphlé Ghlaschú i measc na bPáirtithe, na n-eagraíochtaí agus na ngeallsealbhóirí ábhartha chun plé a dhéanamh ar shocruithe chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí réidh le dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le tíortha comhpháirtíochta chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas, lena n-áirítear trí mhír nua cláir oibre lena mbainfí lánúsáid as Idirphlé Ghlaschú chun na hinstitiúidí atá ann cheana a neartú go pras agus tacaíocht á cur ar fáil chun an riosca caillteanais agus damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt air, agus chun réitigh nithiúla a chur ar fáil ar na dúshláin atá os comhair na dtíortha is leochailí. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh 'Luathrabhadh do Chách' a sheol Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus é mar chuspóir leis gach duine ar domhan a chumhdach le córais réamhrabhaidh laistigh de 5 bliana, agus tiomantas Cheannairí G7 oibriú i dtreo Sciath Dhomhanda i gcoinne Rioscaí Aeráide do thíortha agus do dhaoine bochta agus leochaileacha, ag tógáil ar an gComhpháirtíocht Dhomhanda InsuResilience agus ar thionscnaimh eile. TÁ SÍ TIOMANTA tacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear trí mhaoiniú agus árachas rioscaí tubaistí agus aeráide (CDRFI) a mhéadú agus ailtireacht dhomhanda CDRFI a dhéanamh níos sistéamaí, níos comhleanúnaí agus níos inbhuanaithe.

32. ATHDHEARHBAÍONN SÍ a thábhachtaí atá Athbhreithniú Domhanda a bheidh cuimsitheach, dírithe ar chuspóirí agus réamhbhreathnaitheach chun tacú le timthriall uaillmhéine 5 bliana Chomhaontú Pháras, agus chun uaillmhian na gníomhaíochta agus na tacaíochta a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i dteannta a chéile i bhfianaise cothromais agus na heolaíochta is fearr atá ar fáil. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá tógáil ar an bplé agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ag an gcéad idirphlé teicniúil den Athbhreithniú Domhanda, agus díriú níos mó ar dheiseanna chun gníomhaíochtaí agus tacaíocht na bPáirtithe, chomh maith le comhar idirnáisiúnta don ghníomhú ar son na haeráide a fheabhsú agus a neartú. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart do thoradh[...] an Athbhreithnithe Dhomhanda a bheith mar bhunús agus mar dhreasacht leanúnach do ghníomhú uaillmhianach feabhsaithe ar son na haeráide, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann; ba cheart, go háirithe, go spreagfadh an t-athbhreithniú na páirtithe uile chun bogadh, in imeacht aimsire, chuig spriocanna maolúcháin uile-gheilleagair sna NDCanna agus go haeráidneodracht faoi 2050 sna straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le híseal-astaíochtaí GCT, agus go gníomhaíocht oiriúnúcháin fheabhsaithe agus modhanna cur chun feidhme, i bhfianaise spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras.

33. Cé gur gá leanúint den fhócas ar astaíochtaí a laghdú ar bhonn intíre agus ar aistrithe a mhéadú, AITHNÍONN SÍ acmhainneacht Airteagal 6 maidir le huaillmhian bhreise a éascú chun an bhearna a dhúnadh i dtreo teorainn 1.5 °C a chur leis an téamh domhanda agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a chothú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, agus acmhainní airgeadais agus neamhairgeadais a shlógadh, agus ag an am céanna, cloí le coimircí éiceolaíocha agus sóisialta, cearta an duine a urramú, agus cosaint i gcoinne rioscaí aeráide. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb é an bunphrionsabal fíor-riachtanach a áirithiú go gcuideoidh úsáid Airteagal 6 le spriocanna fadtéarmacha Pháras, go spreagfaidh sé uaillmhian, forbairt inbhuanaithe agus go ndaingneoidh sé sláine an chomhshaoil. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé sásraí Airteagal 6 a ailíniú go dlúth le NDC na bPáirtithe óstacha, lena straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le híseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus spás a chaomhnú le haghaidh uaillmhian níos airde trí shochair mhaolaithe a chomhroinnt i measc rannpháirtithe Airteagal 6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an fiúntas a bhaineann le cur chun feidhme láidir an bhirt de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta atá bunaithe ar an margadh domhanda, mar atá CORSIA. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá ag tíortha i mbéal forbartha le fothú acmhainneachta chun [...] gníomhaíochtaí margadhbhunaithe faoi Chreat UNFCCC a chur chun feidhme go láidir.

34. IS FADA LÉI go leanfar den phlé maidir le sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann a leagan síos i ndáil le maoiniú don aeráid i gcomhthéacs gníomhaíochtaí fiúntacha maolúcháin agus oiriúnúcháin agus trédhearcacht cur chun feidhme, agus riachtanais agus tosaíochtaí tíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh go cuí, i gcomhthéacs na sreabh airgeadais go léir a bheith á gcur i gcomhréir le conair i dtreo forbairt atá ar astaíochtaí ísle GCT agus atá aeráid-díonach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann (NCQG) a bheith ag tacú le creat a fhorbairt chun an t-aistriú chuig domhan 1.5 C a mhaoiniú.

35. Chomh maith leis sin, IS FADA LÉI go mbeidh sí páirteach sa phlé, faoi chuimsiú míre nua tiomnaithe ar an gclár oibre faoi CMA ag COP27, ar ról uileghabhálach cumasúcháin Airteagal 2.1(c), an tuiscint atá ag na Páirtithe agus ag na geallsealbhóirí uile ar an sprioc sin, agus conas é a bhaint amach.

36. Tá sí DIONGBHÁILTE a bheith ag obair leis na Páirtithe uile chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- An plé ar thodhchaí UNFCCC a chothú;
- Plé a dhéanamh ar na bealaí chun cinn a d’fhéadfaí gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun feidhme in earnáil na talmhaíochta ar bhealach inbhuanaithe, agus an tslándáil bia á háirithiú ag an am céanna trí chóras bia inbhuanaithe, agus sin bunaithe ar thorthaí na dtuarascálacha, na gceardlann agus na gconclúidí SB ó threochlár Chomhpháirtíocht Oibre Koronivia maidir le Talmhaíocht;
- Cur chun feidhme uaillmhianach Chlár Oibre Ghlaschú maidir le Gníomhaíocht do Chumhachtú Aeráide (ACE) a chumasú, lena n-áirítear trí rannchuidiú le Plean Gníomhaíochta cuimsitheach maidir le ACE, chomh maith le struchtúr a chur ar an obair a dhéanfar amach anseo;
- Aghaidh a thabhairt ar an ngné inscne chun acmhainneacht iomlán na mbeartas aeráide a ghiaráil, agus tacú le gníomhaíochtaí cuimsitheacha chun comhionannas inscne a bhaint amach, lena n-áirítear le cur chun feidhme leanúnach Chlár Oibre feabhsaithe Lima maidir le hInscne agus an 2ú Plean Gníomhaíochta Inscne dá chuid, agus a athbhreithniú meántéarma a chur i gcrích.

37. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá gníomhaíocht geallsealbhóirí nach páirtithe iad agus na daoine siúd a áireamh i bpróiseas UNFCCC, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí – lena n-áirítear trí ghealltanais thrédhearcacha lena gceadaítear cuntasacht, le tacaíocht ó phleananna gníomhaíochta inchreidte – chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach agus an t-Athbhreithniú Domhanda a ullmhú, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide.

**EAGRAÍOCHTAÍ AGUS PRÓISIS IDIRNÁISIÚNTA EILE**

38. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dlúthcheangal idir an t-athrú aeráide, géarchéim na bithéagsúlachta, an gaineamhlú, truailliú, agus an díghrádú talún, uisce agus aigéin, agus go n-athneartaíonn siad a chéile, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go rathúil ach amháin trí chur chuige comhleanúnach ina bhfuil straitéisí a théann chun tairbhe do gach taobh, in éineacht le coimircí láidir sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe mar a shainmhínigh 5ú Tionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe. IS DÍOL SÁSAIMH DI an bhéim a chuirtear ar éiceachórais fholláine le haghaidh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide i gComhshocrú Aeráide Ghlaschú agus MOLANN SÍ do na Páirtithe réitigh dhúlrabhunaithe a áireamh ina NDCanna agus ina straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le híseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa. CUIREANN SÍ I DTREIS gur gá cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a urramú agus a chosaint, mar a léirítear sa dlí náisiúnta ábhartha agus in ionstraimí idirnáisiúnta amhail UNDRIP agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus réitigh dhúlrabhunaithe á gcur chun feidhme. IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin Straitéis nua FAO maidir leis an Athrú Aeráide do 2021-2030. IARRANN SÍ go ndéanfaí comhar agus sineirgí níos dlúithe idir Coinbhinsiúin Rio agus comhaontuithe iltaobhacha eile comhshaoil chomh maith le tionscnaimh ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus próisis idirnáisiúnta ábhartha eile nach iad. IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé a rinneadh ag Stockholm+50 inar leagadh béim ar a phráinní atá sé gníomhaíocht a dhéanamh, an óige a chuimsiú, agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe agus ar na geallsealbhóirí ábhartha obair leantach a dhéanamh ar na deich moladh maidir le gníomhaíochtaí chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme.

39. TÁ SÍ AN-TIOMANTA I gCÓNAÍ na sineirgí idir UNFCCC agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a neartú, lena n-áirítear an t-ailíniú leis an gCreat uaillmhianach Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 a chomhaontófar ag COP15 i mí na Nollag 2022, agus Deich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras, agus bearta a threisíonn agus a théann chun tairbhe do gach taobh a chur chun cinn a thuilleadh maidir le maolú ar an athrú aeráide, agus oiriúnú don athrú aeráide, agus maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ FREISIN na sineirgí idir UNFCCC agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD), Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus an méid a baineadh amach faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a neartú.

40. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ an ról bunúsach atá ag bainistiú inbhuanaithe aigéan agus uisce agus ag éiceachórais fholláine a bhaineann le huisce san athléimneacht fhoriomlán aeráide a chur chun suntais, agus a thábhachtaí atá sé a bheith ag obair i gcomhréir le Deich mBliana na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe 2021-2030 de chuid na Náisiún Aontaithe, agus le Gníomh Uisce na Náisiún Aontaithe 2018-2028. IS DÍOL SÁSAIMH DI FREISIN an Dearbhú *Our Ocean, our future, our responsibility* [Ár nAigéin, ár dtodhchaí, ár bhfreagracht] a ghlac Dara Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, a tionóladh i Liospóin ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2022, agus na *Brest Commitments for the Oceans* [Gealltanais Brest maidir leis na hAigéin] a tugadh ag an gCruinniú Mullaigh 'One Ocean' i mí Feabhra 2022.

41. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an t-idirghaol idir an t-athrú aeráide agus cearta an duine. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh sainordú an Rapóirtéara Speisialta um Chearta an Duine agus um an Athrú Aeráide.

42. IARRANN SÍ ar na Ballstáit uile de chuid Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), a áirithiú go rannchuideoidh an eitlíocht idirnáisiúnta agus an t-iompar muirí go cothrom agus go huaillmhianach le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, ar bhealach a áiritheoidh sláine comhshaoil, nach gcuirfidh cosc ar stáit gníomhaíocht níos uaillmhianaí a dhéanamh, ina seachnófar an t-áireamh dúbailte, agus aon ualach dúbailte ábhartha a eascródh as lena n-áirítear costais, agus ina seachnófar freisin saobhadh ar an iomaíocht ar bhealaí trádála ná ar chineálacha trádála, agus ag an am céanna, IARRANN SÍ go leanfaidh ICAO agus IMO, faoi UNFCCC, de thuairisciú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí i dtaca leis an aeráid. MEABHRAÍTEAR DI go sainaithnítear i dtuarascáil Mheasúnachta 6 ó Mheitheal III an eitlíocht agus an loingseoireacht idirnáisiúnta mar earnálacha ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun astaíochtaí a laghdú. MOLANN SÍ do IMO, go háirithe, a chuid oibre a chur chun cinn maidir le bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur chun feidhme, agus athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis GCT tosaigh IMO d'fhonn astaíochtaí GCT ón loingseoireacht idirnáisiúnta a chéimniú amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus conair chomhsheasmhach a chloíonn le spriocanna Chomhaontú Pháras á leanúint, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur comhaontaíodh ag 41ú Comhthionól ICAO sprioc mhianaidhme fhadtéarmach chun astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta a laghdú.